Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Samhain 2023
(OR. en)

15028/23

LIMITE

DEVGEN 194
ACP 107
RELEX 1261
COLAC 135
FORETS 175
ENV 1236
CLIMA 533
SUSTDEV 137

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rún ag an gCoimisiún Meabhrán Tuisceana maidir le Comhpháirtíocht Foraoise a chaibidil idir Poblacht Hondúras agus an tAontas Eorpach<br>– Údarú chun ionstraim neamhcheangailteach a shíniú |

1. An 5 Meitheamh 2023, cuireadh in iúl do thoscairí CODEV-PI go bhfuil rún ag an gCoimisiún Meabhrán Tuisceana maidir le Comhpháirtíocht Foraoise le Hondúras a chaibidil agus a shíniú thar ceann an Aontais, i gcomhréir leis na socruithe le haghaidh ionstraimí neamhcheangailteacha.

2. Ós rud é go bhfuil foraoisí bunriachtanach chun cuspóirí Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach agus i bhfianaise fhreagracht an Aontais, mar ghníomhaí domhanda, cabhrú le foraoisí a chosaint agus a athbhunú ar fud an domhain, d’fhorbair an Coimisiún coincheap na gComhpháirtíochtaí Foraoise darb aidhm an t-idirphlé beartais agus an comhar maidir le foraoisí a threisiú le tíortha comhpháirtíochta ar bhealach iomlánaíoch comhtháite.

3. An 6 Samhain 2023, cuireadh toscairí CODEV-PI ar an eolas gur tugadh an chaibidlíocht i gcrích de mheon macánta agus i gcomhréir iomlán le cuspóirí foraoise an Aontais agus Hondúras agus chuir siad in iúl go dtacaíonn siad le síniú an mheabhráin tuisceana.

4. Leis an gComhpháirtíocht Foraoise, neartófar an t-idirphlé polaitiúil agus beartais maidir le foraoisí le Hondúras agus, ag an am céanna, cuirfear feabhas ar cheannaireacht an Aontais sa chlár oibre idirnáisiúnta i ndáil le foraoisí chomh maith le rannchuidiú le dúshláin dhomhanda mar shampla an t-athrú aeráide agus cailliúint na bithéagsúlachta. Tá an ghníomhaíocht seo i gcroílár Straitéis Global Gateway, trína bhfuil an tAontas ag tacú le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ar fud an domhain.

5. Meastar go síneofar an Meabhrán Tuisceana ag COP28 UNFCCC a thionólfar in Dubai ón 30 Samhain go dtí an 12 Nollaig 2023. Tionólfar imeacht ardleibhéil ag Pailliún an Aontais an 2 Nollaig 2023, agus beidh Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, i láthair. Léirigh Hondúras go neamhfhoirmiúil go bhfuil sé toilteanach go síneodh an tUachtarán Castro, an Meabhrán Tuisceana.

6. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a údarú don Choimisiún an Meabhrán Tuisceana thuasluaite a shíniú thar ceann an Aontais.

PUBLIC